C/2025/3330

11.6.2025

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis

(C/2025/3330)

Dírítear aird Mohamed Mourad Ben Mohamed Ben Rhouma TRABELSI a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle [2], a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá faisnéis faighte ag an gComhairle ó údaráis na Túinéise a mheasfar faoi chuimsiú an athbhreithnithe bhliantúil ar na bearta sriantacha a bhaineann leis na daoine uile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/72/CBES agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011. Cuirtear na daoine lena mbaineann ar an eolas leis seo go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a bhaineann leo a fháil, roimh an **15 Meitheamh 2025**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Chinneadh 2011/72/CBES agus le hAirteagal 12(4) de Rialachán (AE) Uimh. 101/2011.

---

[1] IO L 28, 2.2.2011, lch. 62.
[2] IO L 31, 5.2.2011, lch. 1.